



## SAMHRADH SONA DAOIBH GO LÉIR!

### TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Fáth dúinn an Ghaeilge a labhairt	2
Gandhi	3
Scéal Grinn	3
Búdaipeist	4
Vere Foster	5
Oileán Mhannan	5
UFO	6
Corn an Domhain: Taobh eile	6
An gcreidfeá é seo?	7
Dhá urchar a mharaigh na milliúin	7
Comhdháil	7
Ré nua romhainn	8
An tOideachas	8
Amelia Earhart	9
Balúin	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Fáinni	11
Cé hiad seo?	11
Cén aois duit?	11
Corn an Domhain 2014	12



# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR 1 EAGRÁN 6

MEITHEAMH 2014

## NÁ DÉAN DEARMAD AR AN nGAEILGE!

Tosaíonn an samhradh go hoifigiúil an mhí seo. Casann ár smaointe ar an aimsir agus ar ár laethanta saoire. Beimid ag taisteal níos minice in Éirinn agus thar lear. Tá fonn orainn níos mó ama a chaitheamh amuigh faoin spéir. Ach faraor, do chuid againn, baineann na maidineacha caife i nGaeilge leis an nGeimhreadh agus leis an dorchadas agus ní bhíonn cuid acu ar siúl in aon chor i rith an tsamhraidh. Cén fáth é sin? B'fhéidir go bhfuil eagla ar dhaoine nach mbeidh tinreamh maith ag freastal ar an ócáid agus cuireann siad deireadh leo go dtí mí Mheán Fómhair. Ba cheart dúinn an Ghaeilge a choimeád beo i ngach séasúr den bhliain. Caithfimid a bheith samhlaíoch (**imaginative**). Cad faoi phicnic le Gaeilge nó turas lae ar an traein i nGaeilge? Tá páirceanna agus tránna áille in Áth Cliath. Nach bhfuil sé riachtanach an Ghaeilge a chur i láthair na ndaoine atá sna háiteanna sin freisin? Má tá inní ar dhaoine faoin tinreamh ag maidin chaife is féidir le dhá nó trí ghrúpa teacht le chéile - maidineacha caife i mbun camchuairte (**on tour**)! Ba cheart do na grúpaí éagsúla teacht le chéile níos minice i rith na bliana. Le déanaí thug grúpa ó mhaidin chaife na nGlaschnoc cuairt ar mhaidin chaife Dhomhnach Míde. Tá Comhdháil sa *Chlasach* i gCluain Tarbh ar an Aoine dheireanach de gach mí chun deis a thabhairt do na grúpaí maidineacha caife éagsúla teacht le chéile. Tugann tionscnaimh (**initiatives**) mar seo ardú meanman dúinn go léir. Tá fiúntas ann ag malartú taithí faoin nGaeilge. B'fhéidir go dtiocfaidh smaointe maithe nua as an gcaint a chabhróidh linn an Ghaeilge a chur chun cinn. Is as chomhrá ag maidin chaife amháin a tháinig an moladh don iris seo a chur ar bun. D'éirigh linn é a fhoilsiú ar feadh sé mhí go nuige seo le cabhair agus le tacaíocht ó lucht na maidineacha caife go léir. Táimid ag feitheamh ar bhur moltaí eile!



**BÍ ANN  
BÍ LINN**

*Muintir na nGlaschnoc ar chuairt ar Dhomhnach Míde*

## CEACHT BEAG NA GAEILGE - HOW TO USE “SULA” AND SULAR” (BEFORE)



Tagann  
Máistreacht le  
Cleachtadh

Deirtear **sula** + **urú** san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Fháistínach  
sula n-imeoidh thú (before you leave / before you will leave)  
sula gcinnteoimid (before we decide / before we will decide)

San Aimsir Chaite úsáidtear “**sula**” roimh na briathra seo leanas –

Déan (to do / to make)	sula ndearna an fear é	(before the man did it)
Abair (to say)	sula ndúirt sé	(before he said)
Feic (to see)	sula bhfaca mé na .....	(before I saw the.....)
Téigh (to go)	sula ndeachaigh sí	(before she went)
Bí (to be)	sula raibh a fhios agam	(before I knew)
Faigh (to get)	sula bhfuair mé an litir	(before I got the letter)

Úsáidtear '**sular** + **seimhiú**' le gach briathar eile:

sular cheannaigh mé an teach (before I bought the house)  
sular bhris mé an scáthán (before I broke the mirror)

### FOCAL AGUS FOCAL EILE

An **chéad** fhocal i nGaeilge a fhoghlaimíonn eachtrannaigh nuair a thagann siad anseo - cad é? Deirtear gurb é an focal sin ná, “Garda” mar fheiceann siad na gluaisteáin phóilíní le “**GARDA**” ar an taobh.



Agus an **dara** focal...? De réir suirbhé a rinneadh deirtear gur “**FÁILTE**” é, as é a bheith le feiceáil in go leor áiteanna. Agus an cheist a chuirtear ansin - má tá teanga de bhur gcuid féin gaibh cén fáth nach labhraíonn sibh í? - féach thíos.

### FÁTH AMHÁIN GUR CHÓIR DÚINN AN GHAELGE A LABHAIRT

Seachas gur is í ár dteanga féin í, tá neart fáthanna ann gur chóir dúinn an Ghaeilge a labhairt. Tuigimid go léir an suíomh seo leanas: Tá tú ar do laethanta saoire thar lear. Tá tú i gcaifé nó i bproinnteach ar an Champs-Élysées nó i gCorfú ag ól cappuccino agus tá tú ag caint as Béarla. Anois, is féidir leat bheith cinnte de go bhfuil duine éigin nó daoine éigin ag éisteacht leat. Cén fáth? Tá siad ag éisteacht leat mar tá an Béarla á fhoghlaim ar fud na háite, áit ar bith a théann tú ar domhan. An Béarla - is é an teanga is mó tóir air sa lá atá inniu ann ó thaobh turasóireachta, gnó, polaitíochta, taistil de, srl. Na daoine a bhíonn ina suí mórthimpeall ort, ní bhíonn siad ag éisteacht leat chun do ghnó a fháil amach, is cuma leo faoi sin, ní hea, más foghlaimeoirí Béarla iad, bíonn siad ag éisteacht ach amháin chun a fháil amach an méid Béarla is féidir leo a thuiscint. Bheadh an rud céanna á dhéanamh agatsa dá mbeifeá ag foghlaim na Fraincise nó na Spáinnise agus beirt Fhrancach nó Spáinneach ina suí in aice leat i mbus nó i dtraein. Agus cad é an toradh ar an gcúléisteacht seo? Is é an toradh air ná go gcaitear coincheap an phríobáideachais i dtraipisí. Agus tú i do shuí sa chaifé, b'fhéidir gur maith leat rud éigin a rá faoi dhuine - faoina chuid gruaige nó faoina chuid éadaigh ach fanann tú i do thost ar eagla go gcluinfí thú.


Ach más í an Ghaeilge atá á labhairt agat..... Freisin, is seift iontach í an Ghaeilge chun chur in iúl don phobal nach Sasanach tú.



## SCÉAL FÍOR FAOI GANDHI

Dónal Mac Ionraic

Nuair a bhí Gandhi ag déanamh staidéir ar an dlí i gColáiste na hOllscoile, Londain, bhí ollamh darbh ainm Peters ann nár thaitin Gandhi leis, toisc nár aontaigh Gandhi leis faoi gach rud a dúirt sé, agus mar thoradh ar seo, bhí 'argóintí' eatarthu go minic.



Lá amháin bhí an tOllamh Peters ag ithe lóin i mbialann an choláiste agus tháinig Gandhi chuige lena thráidire agus shuigh sé síos taobh leis.

“A Gandhi” arsa an tOllamh go borb, sotalach, “ní thuigeann tú – ní shuionn muc agus éan le chéile chun béile.”

Agus dúirt Gandhi dó mar fhreagra “Ná bí buartha a mhic, eitleoidh mé liom go dtí bord eile.”

Bhí díoltas de dhíth ag an Ollamh agus chuir sé an cheist ar Gandhi ag ócáid eile “A Uasail Gandhi, má tá tú ag siúl síos an tsráid agus má thagann tú ar phacáiste agus laistigh den phacáiste seo tá dhá mhála, ceann amháin lán d'airgead agus an ceann eile lán d'eagna, cé acu a thógfá?”

“An ceann leis an airgead, cinnte!” d’fhreagair Gandhi gan drogall nó gan amhras.

Sásta leis an bhfreagra sin ar an tuiscint go raibh an bua aige ar Gandhi, dúirt an tOllamh Peters “I d'áitse, thógfainn an eagna, Cad é do mheas ar sin?” d’fhreagair Gandhi go neamhshuimiúil “Tógann gach éinne é sin atá in easnamh air.” Bhí an tUasal Peters ar mire faoi seo agus scríobh sé an focal 'amadán' ar an leathán scrúdaithe agus thug sé do Gandhi é. Ghlac Gandhi an páipéar agus shuigh sé síos. Tar éis cúpla nóiméad dúirt Gandhi “Mr. Peters, do shínigh tú an leathán ach níor thug tú na marcanna dom!”

## FOCLÓIRÍN

nár thaitin Gandhi leis - **who didn't like Gandhi**

díoltas de dhíth - **revenge (is / was necessary)**

I d'áitse - **in your place**

é sin atá in easnamh air - **that which he needs / is lacking**

taobh leis - **beside him**

lán d'airgid agus lán d'eagna - **full of money and full of wisdom**

leathán scrúdaithe - **exam sheet /paper**

## SCÉAL GRINN NA MIÓSA — CAD IS AINM DUIT?



Tá an triúr fear seo i ndeochlann ag ól piontaí. Tá siad ag caint faoi ainmneacha a bpáistí agus conas mar a bhfuair siad an t-ainm. Tá Sasanach ann, tá Francach ann, agus ar ndóigh tá Éireannach ann. Deir an Sasanach: “Rugadh mo mhac ar Lá Fhéile Seoirse. Mar sin, thugamar **Seoirse** air.” Deir an Francach: “Rugadh m'iníon ar Lá Fhéile Vailintín agus mar sin, thugamar **Vailintína** uirthi.” Agus ansin deir an tÉireannach: “Tuigim go maith a bhuachaillí, ba é an rud céanna liomsa agus le mo mhac **PANCAKE!**”

## FOCLÓIRÍN

tá an triúr fear seo - **these three men are**

i ndeochlann - **in a pub**

ainmneacha a bpáistí - **the names of their children**

conas mar a fuair siad - **how they got**

rugadh mo mhac - **my son was born**

ba é an rud céanna / b'ionann é - **it was the same thing**

pancóg - **pancake**

**Mar eolas duit:** Deirtear go raibh pancóga á n-ithe chomh fada siar ná sa tSean-Ghréig. Tá cineálacha difriúla pancóg le fáil in go leor tíortha eile seachas linne. Sa Fhrainc mar shampla, tugtar *crêpe* orthu agus tá siopaí speisialta ann ina ndéantar faic eile ach *crêpes*. Itear pancóga mar chuid den bhricfeasta in áiteanna agus cuirtear síoróip orthu chun cur leis an mblas. Chun pancóg a dhéanamh tá plúr, uibheacha, gráinín salainn agus bainne ag teastáil. Meascann tú go léir le chéile iad mar fluidreamh agus é sin déanta agat cuireann tú i bhfríochtán te é agus nuair a bhíonn é sin déanta agat tosnaíonn tú á n-ithe.



## BÚDAIPEIST - CATHAIR NA MÓR-ROINNE IS ANSA LIOM

Seán Ó Coileáin



Dá mbeadh deis agam chuige rachainn arís go dtí cuid de chathracha cultúrtha na Mór-Roinne. Is breá liom taisteal agus a bheith sáite i stair agus in oidhreacht cathracha in oirthear na hEorpa cosúil le Prág, Leipzig nó Krakow, ach is í an chathair is ansa liom ná Búdaipeist, príomhchathair na hUngáire agus ba mhaith liom cuairt a thabhairt uirthi an athuair.

Roinnt blianta ó shin chaith mé agus cara liom sos deireadh seachtaine fada i mBúdaipeist le linn na saoire Oíche Shamhna. Bhí sé éasca taisteal ann ar phraghas réasúnta agus fuaireamar praghas/margadh maith ó Ryanair, an t-íompróir ísealchostais gan só. Cosúil le príomhchathracha agus cathracha móra eile san Eoraip, bhí ag an am sin, an-tóir ar Bhúdaipeist, idir chuairoteoirí agus lucht gnó ag iarraidh sladmhargadh (**bargains**) ar earraí nó ar mhaoín, ina measc Éireannaigh an Tíogair Cheiltigh a thóg an nós baoth orthu sealúchas (**property**) a cheannach, ag lorg luach a gcuid airgid san iliomad árasán a bhí á dtógáil ansin.

Is cathair stairiúil í Búdaipeist lán de chultúr is d'oidhreacht. Is iad na rudaí móra le rá faoin gcathair ná na himeachtaí de cheol clasaiceach a bhíonn ar siúl ann, an ailtireacht Nouveau Art agus aghaidheanna sheanfhoirgnimh na sráideanna atá feistithe le hArt Deco. Chuirfeadh an áit an ghalántacht a bhí bainteach le ré na hImpireachta Ostra-Ungáirí i gcumhne duit. Tá an chathair agus na bruachbhailte máguaird (**surrounding**) scaipthe amach ó abhainn na Danóibe, Buda ar thaobh amháin agus Pest ar an taobh eile. Ceanglaíonn an Danóib an chathair leis na cathracha cultúrtha eile Vin agus an Bhratasláiv. Thaitin a lán rudaí linn i mBúdaipeist ach na cuimhní is mó a thógamar abhaile ná an turas ar an mbád radharcach ar an Danóib agus na himeachtaí ceoil. Is deas an radharc lánléargais (**panorama**) ón mbád ag breathnú ar na seanfhoirgnimh ghalánta agus ar an ailtireacht nua-aimseartha.

D'fhreastalaíomar ar dhá cheolchoirm chlasaiceacha, ceann amháin iontach darbh ainm *Requiem* le Verdi agus idir amhránaithe agus an fhoireann cheoil bhí breis is dhá chéad duine ar stáitse. Bhíomar i Seanteach Liszt freisin ag cur i láthair iarnóna de cheol seomra, ceol beannaithe a bhí ar siúl anseo le tionlacan cóir, meascán de thuataí agus de chléir. Chuamar oíche eile go dtí léiriú ceoldráma in Áras Ceoldráma an Stáit, áit fhíorghalánta ar fad. Ina theannta sin thugamar cuairteanna ar roinnt iarsmalann agus dánlann atá scaipthe ar fud na cathrach. Ach seachas an oidhreacht agus an cultúr an rud a chuir ionadh orm ná an córas taistil. Bhí an fobhealach (**subway**) ann, bhí flúirse de thramanna agus de bhusanna ann agus bhí tú in ann ticéad comhtháite a fháil le haghaidh trí lá ar tháille réasúnta. Bhí costais na mbialann ar leathphraghas ar a laghad i gcomparáid le hÉirinn agus bhí sladmhargáí le fáil ag na margaí sráide, an ceann is cáiliúla ná an margadh ollmhór díonchlúdaithe i gcroílár na cathrach.

Dá rachainn ann arís an mbeadh an chuma chumannach chéanna fós ar ghnáthphobal na cathrach, daoine le haghaidheanna gruama agus gléasta le héadaí dorcha? An mbeadh athchóiriú agus deisiú déanta ar chuid de na taispeántais agus de na foirgnimh a bhí i ndrochbhail nuair a bhí mé ann. Dála le cathracha eile Oirthear na hEorpa, ar ghá dom fós neamhaird a thabhairt ar shalachar na sráideanna, ar na bacaigh agus ar na meisceoirí? An mbeadh sé riachtanach dom cúlsráideanna i gceantair áirithe den chathair a sheachaint agus ar cheart dom a bheith ar m'airdeall san oíche i gcónaí i ngach uile áit? An mbeadh téarnamh (**recovery**) tagtha ar an ngeilleagar (**economy**) le teacht an Euro agus an mbeadh earraí agus seirbhísí fós ar phraghas íseal? Agus an cheist is suimiúla - cén chaoi a mbeadh na hÉireannaigh ar scor a cheannóidís árasáin saoire anseo le maíomh agus le mórtas roinnt blianta ó shin? Is áit iontach í Búdaipeist agus tá mé ar bís chun cuairt a thabhairt uirthi arís agus na ceisteanna seo a fhreagairt.




## VERE FOSTER — ÉIREANNACH DEN SCOTH

Éamonn Ó Dulainn

An raibh tú riamh i scoil ina mbeadh na ráitísí seo a leanas fíor “Ba é aineolas na múinteoirí an príomhbhac ar fheabhsú” nó “casadh orm fíorbheagán díobh go raibh aon eolas acu ar Ghramadach Bhéarla agus a laghad fós go raibh cur amach acu ar Thíreolaíocht” agus fós “ní ba mheasa fós ab ea a n-iarrachtaí an beagán sin a chur in iúl dá ndaltaí.” Bhuel is mar sin a scríobh Dr. JF Murray (duine de na chéad chigirí scoile in Éirinn) sa bhliain 1843.

B'shin an saghas oideachais a chonaic Vere Foster ar fhilleadh dó chun na tíre seo in aimsir an Ghorta Mhóir in 1847 in aois 20 bliain. Rugadh Vere Foster in 1831 de bhunadh na n-uaisle. Fuair sé a chuid scolaíochta in Eton agus bhí teach ag a mhuintir i mBaile Talainn, Co. Lú. Chuala sé an drochscéal in 1847 go raibh muintir na hÉireann ag fulaingt de bharr ocras, easpa oideachais, easpa misnigh agus a lán eile. D'fhill sé ar Glyde Court, taobh amuigh de Dhroichead Átha, áit go bhfaca sé an bochtanas agus an droch-chuí agus iad níos measa ná mar a cheap sé. Ghoill na coinníollacha sin go mór air. Thug sé mar aidhm feabhas a chur ar a gcuid. Tar éis freastal ar na riachtanais ba phráinní, bia agus uisce glan, bheartaigh sé aghaidh a thabhairt ar fhreagraí fadtéarmacha.

Cheap sé i dtosach gurbh é an bád chun an Domhain Nua an freagra a thabharfadh an deis is fearr d'ógánaigh mhná na hÉireann agus chabhraigh sé, as a mhaoin féin, do mhórán díobh dul go Meiriceá thuaidh chun obair i dtithe na n-uaisle ansin agus roinnt airgid a sheoladh abhaile.




Ach ba é a thionchar ar chúrsaí oideachais a mhór oidhreacht don tír seo. Chruthaigh Vere Foster cóipleabhar scríobhnóireachta [Vere Foster's New Civil Service Copybooks](#) agus lena chuid airgid féin d'íoc sé as an gcéad chló do 50,000 cóip ionas go bhféadfaí iad a dháileadh ar na bochtáin i gcomhair pingine an ceann. Is beag nár scrios an tionscnamh seo é ach d'éirigh leo mar gheall ar an méid díobh a díoladh ar fud an domhain. Tá an scéim scríbhneoireachta seo fós in úsáid i mórán scoileanna ar fud na tíre.

Breis eolais faoi Vere Foster: gúgláil ([google](#)) “Vere Foster”.  
Féach freisin ar [You Tube](#) / [Glyde Court](#) nó [Forgotten Ireland](#) / [Glyde Court](#).

## AN tOILEÁN MHANANN

Rud suimiúil, déanaimid go léir talamh slán den Oileán Mhanann gur cuid den Ríocht Aontaithe é. Bhuel, i ndáiríre - níl. Níl an tOileán Mhanann sa Ríocht Aontaithe agus ní amháin sin ach níl sé mar chuid den Aontas

Eorpach ach an oiread! Bhí sé nasctha le hAlbain sa tríú céad déag de réir Chonradh Perth agus bhí ceangail aige freisin le Rí Magnas III na hIorua roimhe sin.



Tá Rí Shasana freagrach as cúrsaí an oileáin ó 1765 i leith agus is é an teideal oifigiúil atá air anois ná Spléachchríoch Ríoga nó [Crown Dependency](#). Tugtar an [tEllan Vannan](#) air sa Mhanainnis.



## UFO SNA SPÉARTHA

Ben Mac Lochlainn

Tuairiscíodh san *Irish Daily Star* den 15 Feabhra 2014 go bhfacthas Réad Eitilte Gan Aithint (nó UFO) sna spéartha os cionn Cho. Chill Mhantáin. Bhí Tim Gowland i mbun siúlóide sa Bhearna Bhealach Sailearnáin (**Sally Gap**) oíche Dé Luain 10 Feabhra nuair a thug sé rud éigin faoi deara sa spéir dhorcha. Agus arís, ar 22 Feabhra sa nuachtán céanna bhí scéal mór ann ar an ábhar céanna. Ach, cad iad na 'nithe eitilte do-aitheanta' seo a gcloistear an t-oiread seo fúthu? Thosnaigh an feiniméan 'nua-aimseartha' seo sa bhliain 1947 nuair a bhí píolóta príobháideach darbh ainm Kenneth Arnold ag eitilt ina eitleán beag Cessna thar Mount Rainier i Stát Washington i Meiriceá. D'fhéach sé amach tríd an bhfuinneog agus chonaic sé eagar de naoi ní aisteacha chiorclacha a bhí ag eitilt sa spéir cóngarach dó. Bhí cruth miotalach orthu agus bhí an ghrian ag lonnú orthu. Bhí siad ag dul ar luas dochreidte a bhí thar chumas eitleáin ar bith a dhul. Chuaigh sé i dteagmháil láithreach leis an túr rialúcháin (control tower) agus d'inis sé dóibh a bhí le feiceáil aige. Thug sé cur síos orthu mar '*fochupáin eitilte*' (*flying saucers*) toisc nach raibh a leithéid feicthe aige riamh agus gurbh é sin an cruth a bhí orthu. An lá dár gcionn bhí na nuachtáin gafa go mór leis an scéal. Tá miniú nádúrtha ar an gcuid is mó de na radhairc (**sightings**) seo a bhíonn á dtuairisciú i ngach tír ar fud an domhain. Ach tá mionlach mór díobh nach bhfuil miniú loighciúil acu. Má dhéantar dianmhachnamh ar an scéal agus má smaoinítear ar mhéad na cruinne, tá sé deacair a chreidiúint nach bhfuil éinne eile amuigh ansin seachas muidne! Luíonn sé le réasún nach bhfuilimid inár n-aonar. Más foláireamh bréige ollmhór atá i gceist, is cleas iontach cliste é atá ar siúl ó 1947 agus i bhfad siar fiú, go dtí an lá atá inniu ann. Muna bhfuil tú sásta glacadh leis an bhféidearthacht go bhfuil clisteacht éigin eile sa chruinne, ba chóir duit 'aigne oscailte' a bheith agat ar a laghad. Focal scoir – má bhíonn sé d'ádh agat UFO a fheiceáil, téigh i dteagmháil láithreach leis an **Aerial Phenomena Research Association of Ireland** ([info@apra.org](mailto:info@apra.org)). nó an **Irish UFO Society** ([info@ufosocietyireland.com](mailto:info@ufosocietyireland.com)).



## CORN AN DOMHAIN - AN DÁ THAOBH DEN SCÉIL

Tomás Mac Gabhann

Is é Corn an Domhain an ócáid spórtúil is mó atá ann agus is mór an onóir do thír cáiliú le páirt a ghlacadh inti. Tugann sé spreagadh do dhaoine agus ardaíonn sé spiorad an náisiúin (**Jacko's Army** agus a leithéid!) ar feadh míosa agus inspioráid do mhalraigh óga. Taobh amuigh den spórt agus den ardú meanman (**morale**) de, bíonn buntáiste mór le dul le Corn an Domhain a reáchtáil i gcathair áirithe. Gnóthaíonn sé na milliúin Euro nó Dollar nó cibé airgeadra (**currency**) eile do gheilleagar (**economy**) na cathrach mar thoradh ar an airgead a chaitheann cuiditheoirí peile ann. Agus is deis mhaith é freisin do dhéantúsóirí éadaí spóirt a dhíol. Dúradh gur chaill déantúsóirí in Éirinn go leor airgid toisc nach bhfuilimid ag glacadh páirt an uair seo.



Tá taobh eile ag baint le Corn an Domhain agus baineann sé leo siúd - na daoine nach bhfuil suim acu i spórt go ginearálta agus nílim ag déanamh tagairt do mhná amháin anseo. Tá a leithéid de dhuine ann. Bhíos ag caint le fear mar sin uair amháin a d'inis dom nach raibh suim dá laghad aige i gcúrsaí spóirt. D'fhiafraigh mé de "*cad é atá suim agat ann mar sin?*" agus ba é an freagra a thug sé dom ná "*Tá suim agam i ngach rud eile seachas an sport!*" Ach chun an fhírinne a rá faoi sin, ní mór dúinn a admháil go mbíonn an-chuid peile ar an teilifís i rith na tréimhse seo - rud a chuireann na gnáth chláir theilifíse bun os cionn agus a chuireann isteach ar dhaoine cosúil leis an bhfear úd.

Ar an drochuair freisin, tá iarmhairt mhaoiniú ann a chothaíonn teannas i dteaghlaigh. Cosnaíonn sé a lán airgid chun dul go dtí na cluichí agus tá fir ann a théann chuig an chomhar creidmheasa agus faigheann siad idir €1,000.00 agus €2,000.00 ar iasacht. Is é an toradh air sin ná go mbíonn orthu é a aisíoc nuair a thagann siad abhaile tar éis b'fhéidir gan a fhoireann ach comhscór amháin a fháil nó níos measa fós gan cluiche ar bith a bhuachan! Agus an comórtas thart agus dearmadta, bíonn siad fós thíos leis ó thaobh airgid de. Den chuid is mó áfach bíonn a fhios ag daoine go bhfuil Corn an Domhain ar na bacáin agus bíonn na socrúithe cuí déanta acu dá bharr.

## AN gCREIDFEÁ É SEO?

Alanna Breathnach

Cailín deas ab ea í. Bhí Deirdre mar dhuine de dheamhuintir an tsaol seo. Ocht mbliana is fiche d'aois, gealgháireach cairdiúl agus réidh chun cabhrú leat i gcónaí dá mb'fhéidir léi. Ní raibh sí pósta nó ní raibh sí ag siúl amach le haon duine. An mhaidin seo áfach agus í ag fanacht ar bhus ar a bealach ar obair, thosaigh fear sa scuaine ag caint léi. Bhí cuma mhaith air agus thosaigh Deirdre ag caint ar ais leis. Tharla seo cúpla uair agus ansin thosaigh siad ag dul amach le chéile. Sar i bhfad bhí siad geallta agus tamall ina dhiaidh sin do phósadar. Joe ab ainm dó agus ba as Albain é.



Bhí cúrsaí ag dul go maith ach de réir a chéile mhothaigh Deirdre go raibh athrú iompair ag teacht ar Joe. Bhí sé ag teacht abhaile déanach san oíche agus boladh an alcóil uaidh. Nuair a cheistíodh sí é faoi, thugadh sé leithscéal lag di. Ba léir gur theastaigh uaidh bheith fós mar 'dhuine de na buachaillí'. Bhí cúrsaí ag éirí níos measa do Dheirdre. Níorbh é seo an fear deas a chasadh uirthi i bhfad ó shin ag stad an bhus. Mhair rudaí mar seo ar feadh roinnt míonna ach ba é deireadh an scéil ná go scar siad óna chéile – do colscaradh iad. I slí amháin bhí áthas ar Dheirdre go raibh sé imithe as a saol anois ach bhí fadhbín beag amháin ann – bhí sí ag iompar clainne!

Le himeacht aimsire saolaíodh an leanbh agus in ainneoin an athar do ghráigh Deirdre an buachaill beag agus lean sí ar aghaidh lena saol. Ach, bhí geit amháin eile i ndán don chailín bocht, nuair a thosaigh an gasúr ag rá a chéad fhocail, bá i gcanúint an Albanaigh a labhair sé! De réir na saineolaithe, fad is a bhíonn an leanbh sa bhroinn ní thuigeann sé focail ach bíonn sé nó sí in ann fuaimanna a chloisteáil agus nuair a shaolaítear é nó í labhraíonn an páiste sa chanúint chéanna. Ach tá an dea-scéal ann. Tá Deirdre athphósta anois le fear uasal ó Dhroichead Átha. Tá triúr clainne acu agus canúint bhréa Chontae Lú ag an triúr gach duine acu.

## DHÁ URCHAR A MHARAIGH NA MILLIÚIN

Pádraig Mac Éil

An 28 Meitheamh 1914 bhí an tArd-Diúc Franz Ferdinand (oidhre don suíochán ríoga Ostra-Ungáir) agus a bhean Sophie ar chuairt in Sarajevo i mBoisnia. Ach bhí buíon d'fheallmharfóirí ag feitheamh leis ar a mbealach go dtí Halla na Cathrach. Ní dhearna an chéad bheirt acu ionsaí air ach chaith



an tríú duine buama a bhuail i gcoinne ghluaisteán an Ard-Diúic agus a thit ar ais sa tsráid. Phléasc sé faoin dara gluaisteán agus gortaíodh beagnach 20 duine. Lean an tArd-Diúc ar aghaidh go dtí an Halla agus d'fhan sé ansin ar feadh tamaill. Shocraigh sé cuairt a thabhairt ar an ospidéal ina raibh na daoine a gortaíodh sa phléasc lonnaithe. Chuaigh a thiománaí as an tslí agus nuair a bhí sé ag iompú an ghluaisteáin chun dul ar ais an bealach ceart stad sé nóiméad 5 troithe ón gceathrú feallmharfóir, Gavrilo Princip. Scaoil seisean dhá urchar óna phiostal leathuathoibríoch. Ghortaigh ceann acu an tArd-Diúc agus an ceann eile Sophie. Chuaigh an gluaisteán ar aghaidh go dtí Áras an Ghobharnóra ach bhí



Sophie marbh nuair a shroich siad é agus fuair Franz Ferdinand bás marbh 10 nóiméad ní ba dhéanaí. De réir cinnidh fiosrúcháin faoin fheallmharú bhí baint le fórsaí míleata na Seirbia leis na feallmharfóirí. Chuir an Ostra-Ungáir litir ("Foláireamh deiridh an Iúil") chuig Rialtas na Seirbia. Níor shásaigh an freagra a fuair siad iad agus d'fhógair siad cogadh ar an tSeirbia ar 28 Iúil 1914. Bhí uafás an Chogaidh Mhóir tosaithe. Níor cuireadh Princip chun báis toisc é bheith faoi bhun 20 bliain d'aois. Gearradh téarma príosúin 20 bliain air. Fuair sé bás ann den eitinn (*tuberculosis*) ar 28 Aibreán 1918.

## COMHDHÁIL: LÁR NA FÉILE BEALTAINE

Nodlaig Ó Scúrlóg

Beidh comhdháil ar siúl Dé hAoine 27 Meitheamh ag 8.00 pm i gClasach ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin ([Alfie Byrne Road](#)) chun go mbeidh deis ag daoine as grúpaí éagsúla teacht le chéile (breis eolais ó Nodlaig Ó Scúrlóg ar 086 239 4390). Tabhair ciste beag mar mhilseog chun a roinnt le daoine eile más maith leat agus beidh costas €5 i gcóir tae agus caife don ócáid seo. Tá Br Ailf Uí Bhroin ar an taobh thoir den líne DART agus ag dul go dtí an Lár cas ar chlé ag an droichead Annesley agus arís ar chlé.

## RÉ NUA ROMHAINN

Scott de Buítléir


Is cinnte go bhfuil na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i ndiaidh a thaispeáint go bhfuil muintir na hÉireann míshásta leis an méid atá feicthe acu ón rialtas go nuige seo, ach ní hiad na hÉireannaigh amháin atá tar éis crith talún polaitiúil a mhothú le linn na míosa seo. Tá athrú gaoithe le mothú sa Bhreatain, sa Fhrainc agus sa Danmhairg freisin, ach céard a chiallaíonn sé sin do thodhchaí na hEorpa?

Pé tuairim a bheadh agat féin ar an ábhar, ba chosúil go raibh Éire ar an aon tír amháin nach raibh ag iarraidh labhairt faoi chúrsaí imirce le linn na feachtasaíochta toghchán. Bhí go leor dúinn ag caitheamh súile ar an méid a bhí ar siúl thall sa Bhreatain, i Sasana ach go háirithe, le héirí an pháirtí UKIP, eachtra a chuireann roinnt inní ar ghnáthdhaoine na tíre. Níl an aidhm acu dothuigthe; ní thuigeann go leor Sasanach (nó Éireannach) buntáistí an Aontais Eorpaigh, agus is mar gheall air sin a d'éirigh go haoibhinn le póstaer UKIP de bhratach na Ríochta Aontaithe á dhó, agus bratach an Aontais Eorpaigh le feiceáil faoi. Ba chumhachtach an rud é tírghrá, agus sin an fáth gur chuir na póstaer siúd inní agus fearg i gcroí an ghnáth-Shasanaigh, ach ba bhréagach an méid a bhí le rá faoin Eoraip ag ceannaire an pháirtí, Nigel Farage. Sin an fáth nár éirigh go rómhaith le UKIP i gceantar London, nó lasmuigh de Shasana.

Sa bhaile in Éirinn, is cinnte go raibh – agus go bhfuil fós – bród náisiúnta agus tírghrá á n-úsáid ag Sinn Féin. Is í an difríocht mhór idir Sinn Féin – arís, pé tuairim a bheadh agat fúthu – agus UKIP, ná nach bhfuil aon rian ciníochais le feiceáil ná le cloisteáil ó Shinn Féin. Sin mar ba chóir.

Sin ráite, is scéal difriúil atá ann ar an Mór-Roinn, sa Fhrainc agus sa Danmhairg ach go háirithe. Bhí an bua ag an Front National sa Fhrainc, agus an Dansk Folkeparti (Páirtí Mhuintir na Danmhairge), le nascanna deis-eiteacha ag an dá cheann acu. Beidh tuairimí láidre ag teacht ó na Feisirí Eorpacha nua seo mar gheall ar na páirtithe siúd, agus tá seans ann go bhfuil ré dhainséarach romhainn uilig san Eoraip. Cé go raibh iontas orm le torthaí na dtoghchán in Éirinn, ar shlí, táim sásta nár imigh na hÉireannaigh síos an bóthar céanna leis na Francaigh, leis na Sasanaigh agus leis na Danair an uair seo, mar is cosúil go bhfuil cothromaíocht pholaitiúil de dhíth sa Bhruiséil anois.

Seans go bhfuil sé sin níos tábhachtaí anois ná mar a bhí sé riamh.



## AN tOIDEACHAS

h.o.k.

Tá na Náisiúin Aontaithe ag obair trína ngníomhaireacht UNICEF le hoideachas, sé sin cumas léimh agus scríbhneoireachta - a thabhairt do gach páiste sa domhan i mbéal forbartha. San Afraic tá tíortha ann ina gcaitear an t-ollmhéid airgid ar armlón agus ar ábhar míleata. In áiteanna mar an tSiria agus an Afganastáin tá sé ina rún dúinn a thuiscint cé chomh deacair is atá sé do pháistí ansin. Dá mbeadh an Taliban i réim san Afganastáin ní bheadh cead ag cailíní oideachas a bheith acu agus sa tSiria tá sé dochreidte ar fad an fhulaingt atá ag páiste scoile sna bailte scriosta a shamhlú. Fiú sa Bhrasaíl - tír atá ar cheann de na deich ngeilleagar is mó ar domhan le daonra atá ag druidim ar dhá chéad milliún duine beagnach - tá sí ag caitheamh an uafáis airgid ar Chorn an Domhain.



Ag staidéar stair na hÉireann, cé go raibh cúrsaí dona go leor in Éirinn tar éis an Ghorta Mhóir bhí daoine mar Vere Foster agus Edmund Rice ann a thuig fadhb na mbocht agus a rinne rud éigin faoi, díreach mar atá á dhéanamh ag UNESCO. Rinne céad is a seasca míle mac léinn agus iníon léinn scrúdaithe an mhí seo agus déarfainn gur mhór an faoiseamh dóibh bheith críochnaithe leo. A malairt an scéal i dtíortha nach bhfuil fáil go héasca ar an oideachas.





## AMELIA EARHART

Dick Armstrong

Rugadh sa bhliain 1897 in Atchison, in Kansas í agus le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda d'oibrigh sí mar bhanaltra chúnta in ospidéal míleata i mbun cúraim do na saighdiúirí gortaithe. Bá cheannródaí mná agus bhanlaoch í Amelia Earhart maidir le cúrsaí eitleoireachta de. Bhí an eitilt sa dúchas aici. Bhí sí i mbéal an phobail go minic as na héachtaí eitleoireachta a rinne sí. Idir 1930 agus 1935 bhain sí seacht gcuriarracht nua luais agus achair amach. I 1928 mar shampla, thuirling sí sa Bhreatain Bheag tar éis di agus don phiólóta agus don chomhphilóta 21 uair a chaitheamh san aer ag trasnú an Atlantaigh ó Thalamh an Éisc ([Newfoundland](#)).

Cúig bliana ní ba dhéanaí i 1932 bhí sé mar rún aici a eitilt ó Thalamh an Éisc go dtí Páras mar a rinne Charles Lindberg roinnt blianta roimpi i 1927, ach de thoradh na drochaimsire agus fadhbanna teicniúla bhí uirthi tuirlingt i gCulmor, Co. Dhoire in ionad Pháras. I 1935 bhí sí ar an chéad bhean chun eitilt léi féin ó gCalifornia go dtí Cathair Mheicsiceo agus as sin ar ais go dtí New Jersey agus dhá bhliain ina dhiaidh sin i 1937 d'eitil sí trasna an Atlantaigh ina haonar. Ba í an chéad bhean chun é sin a dhéanamh. Ach bhí brionglóid mhór amháin eile fágtha aici agus ba í sin ná eitilt timpeall na cruinne. Agus tar éis na n-ullmhuchán a bheith déanta aici thug sí faoi.




D'fhág sí Miami ar 1 Meitheamh 1937 lena loingseoir Frederick Noonan ag tabhairt faoin aistear 29,000 míle timpeall an domhain ina n-eitleán Lockheed Vega. Bhí 22,000 míle curtha di agus bhíodar le tuirlingt ag Lae sa Nua-Ghuine ar 2 Iúil 1937 ach níor shroicheadar ann. Rinne na húdaráis cuardach leathan ar feadh i bhfad ina dhiaidh ach níor tháinig ar rian ar bith díobh.

Tá go leor foirgneamh agus áiteanna ainmnithe in onóir Amelia chomh maith leis an aerfort sa bhaile inar rugadh í – Amelia Earhart Airport in Atchison. Tá iarsmalann i nDoire Cholm Cille freisin ar a dtugtar an [Amelia Earhart Centre](#) agus i 2009 rinneadh scannán beathaisnéiseach darbh ainm “*Amelia*” le Richard Gere agus le Hilary Swank i ról Amelia Earhart.

## TUILLEADH FAOIN EITLEOIREACHT

Rinneadh an chéad turgnamh le balún sa bhliain 1783 sa Fhrainc nuair a sheol na deartháireacha Montgolfier balún 6,000 troigh in airde. Ar ndóigh, baintear úsáid as an mbalún anois chun fisic atmaisféarach agus an aimsir a scrúdú. Téann an balún seo an-ard sa spéir agus uaireanta bíonn iomrall aithne orthu mar UFÓanna (féach lth. 6). I rith an chogaidh bhí na balúin bharáiste ([barrage balloons](#)) le feiceáil go forleathan ar foluain os cionn Londan agus sna tríochaidí (féach eagrán *An Taobh Ó Thuaidh*, Mí na Bealtaine) d'fhorbair na Gearmánaigh an coincheap lena n-aerlong *Hindenburg*. Tionólfar Craobhchomórtas Aer Te na hÉireann ([Irish Hot Air Championship](#)) i bPort Láirge idir 21 - 26 Meán Fómhair seo chugainn.



Gach eolas ó:

[Irish Ballooning Association.](#)



Joseph-Michel Montgolfier



Jacques-Étienne Montgolfier






# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-6


TRASNA

SÍOS



1	horse (6)
3	beak (3)
8	altar (6)
10	delerium (9)
12	axis (3)
15	minor incident (6)
16	toast (5)
18	seeking (3)
19	electrician (10)
20	subject (5)
21	chair (8)
25	astray (3)
26	freezer (9)
29	rotten (4)
30	or (2)
33	time (2)
34	ray (2)
35	sister (8)
37	clever (4)
38	foot (3)


1	froth (3)
2	movement (5)
4	cows (2)
5	big (3)
6	fresh (2)
7	bell (4)
9	presenter (10)
11	keyboard (9)
13	luxury (2)
14	friendly (9)
15	you (2)
17	this (3)
18	health (7)
22	tea (3)
23	sight (7)
24	weir (4)
27	hot (2)
28	butter (2)
29	weak (3)
30	nephew (3)
31	gold (2)
32	tender (3)
36	interest (3)



















## CUARDACH FOCAL 6

**gairmeacha beatha/occupations**

S	A	I	G	H	D	I	Ú	R	É	T	S	Í	U	B
F	E	I	M	R	O	E	R	I	A	G	A	U	R	G
R	I	M	Á	N	I	L	A	I	L	N	I	Á	M	R
E	R	A	S	Á	P	É	Ú	L	N	Ó	G	D	I	F
A	L	T	C	R	A	L	T	A	T	I	H	O	Í	E
S	E	A	N	L	B	E	L	S	A	R	E	C	A	R
T	R	R	I	E	Ó	R	R	G	I	T	A	H	L	I
A	L	I	A	N	A	I	E	I	N	Ú	C	T	Á	A
L	A	Ó	O	H	E	A	R	I	A	Ú	B	Ú	D	G
A	N	S	B	E	N	I	Ú	M	T	S	R	I	N	E
Í	N	A	I	N	M	M	Á	I	N	H	Á	R	A	U
A	E	T	D	O	C	R	I	O	E	M	E	P	E	R
L	S	N	Ó	R	I	Ú	I	D	H	G	I	A	S	G
I	R	U	I	R	A	I	O	E	T	N	I	Ú	M	C
A	L	C	Ú	N	A	G	Ó	I	F	T	E	A	M	H



	altra (nurse)		garda (police officer)
	breitheamh (judge)		gruagaire (hairdresser)
	búistéir (butcher)		leabharlannaí (librarian)
	cuntasóir (accountant)		máinlia (surgeon)
	dochtúir (doctor)		múinteoir (teacher)
	fiaclóir (dentist)		saighdiúir (soldier)
	feirmeoir (farmer)		seandálaí (archaeologist)
	freastalaí (waiter)		spásaire (astronaut)




## FÁINNÍ - RINGS

Is cluiche boird é seo nach bhfuil próifil ard aige b'fhéidir. Ach is cluiche an-taitneamhach é seo a mbíonn á imirt i gclubanna agus i ndeochlanna ar fud na háite. Go bunúsach, tá 13 chrúca ar an mbord agus tá uimhir le gach crúca. Cosúil le saighde, seasann an t-imreoir taobh thiar de líne agus caitheann sé nó sí fáinne beag rubair i dtreo an bhoird. Caitheann gach imreoir sé fháinne ag an mbord agus comhairítear an t-iomlán ansin. Tá scór faoi leith ag teastáil agus nuair a bhíonn an scór sin faighte agat caithfídh tú an cluiche a bhuachan le ceithre fháinne a aimsiú ar chrúca uimhir a haon. Muna n-éiríonn tú an ceithre uimhir a haon a fháil tá tú as an gcluiche.



Tuilleadh eolais: *All Ireland Rings Association: uimh. gutháin - 086 359 8843*



Cé hiad na daoine cáiliúla seo a rugadh i mí an Mheithimh? Freagraí, bun an leathanaigh.



## TÁ D'AOIS AR EOLAS AGAM!

Má theastaíonn uait aois (age) duine éigin a fháil amach, déan é seo: abair leis an aois a scríobh síos gan é a rá leat. **(abraimis mar shampla go bhfuil do chara Mary 44 bliana d'aois).** Ansin abair le Mary **92** a chur leis. Ansin deir tú léi - “*tá uimhir agat anois a thosnaíonn leis an uimhir 1*” (céad is rud éigin). “*Anois, scríos amach an 1 agus tá tú fágtha le huimhir eile le dhá dhigit. Cuir 1 leis an bhfigiúr nua seo agus inis dom cad é an bhfigiúr atá agat ansin.*” Agus nuair a thugann sí an figiúr sin duit cuir tusa 7 leis agus ansin bíonn aois an duine agat! **44 + 92 = 136.** Scríos amach an '1' agus tá **36** fágtha agat. Anois, cuir '1' leis an **36 = 37**. Iarr ar Mary ansin cén uimhir atá scríofa síos aici. Déarfáidh sí **37** - agus ansin i d'aigne cuirfidh tú 7 leis agus beidh aois do chara Mary (**44**) agat!

### CROSFHOCAL BG XBG-5: RÉITEACH

1	A	2	R		3	B		4	S		5	É	A	N	6	L	A	7	I	T	H
8	L	Í		9	L	A	C	H	A						Á		A				
10	P	O	T	A		A			11	N	A	O	N	Ú	R					12	E
		G		13	D	A	T	H						L	A						I
14	D	A	M	H	S	A			15	B				U		16	N	Ó	S		
	A			M				17	M	A	18	D	R	A			N				C
	I		19	G		20	C	R	É	A		S									E
21	N	I	A		Ó		A									22	B	I	A		
	G		23	L	Á	I	24	D	R	E	A	C	H	25	T						C
	E		Á		26	S	Ú								U						H
27	A	I	N	28	N	I	R			29	T	A	30	G	A	I	R	T			
	N			31	Ó	R					H		O								
		32	S		T		33	R		34	M	A	I	N	I	35	C	Í	N		
36	M	A	L	A		U		A							T		Á				
					37	É	A	S	C	A		38	A	L	L	A	S				

### CUARDACH FOCAL 5: RÉITEACH

H	C	A	N	O	A	R	T	P	A	I	S	I	Ú	N
F	R	Ó	G	B	L	Ú	Ú	N	S	M	Ó	L	A	P
Á	U	G	M	L	O	C	O	C	Ó	R	A	C	I	N
I	T	A	E	Ó	L	A	Á	L	A	M	R	A	T	Á
N	A	C	F	A	R	C	C	G	O	E	S	T	U	F
L	C	A	Á	T	L	H	Ó	L	A	U	S	C	H	N
N	Í	L	I	O	E	R	D	Í	N	P	G	E	L	A
Ú	E	L	N	G	A	C	H	C	I	R	Ó	O	N	E
S	M	Ó	L	C	A	Á	H	D	I	P	S	F	L	M
A	L	M	E	N	R	C	E	A	L	B	A	N	Á	M
I	N	S	O	R	A	O	N	A	H	B	L	A	E	G
P	I	A	G	L	G	O	T	C	R	Ó	G	Ó	C	I
A	R	E	Ó	N	Á	T	N	A	E	M	Ó	G	A	L
T	R	M	L	Ó	C	U	A	C	C	U	L	M	S	I
C	S	L	A	G	N	A	H	B	A	H	C	L	U	P

(1-8): Rosaleen Linehan; Liam Nesson; Gemma Cravan; Morgan Freeman; Neil Lennon; Nicole Kidman; Rafael Nadal; Hugh Laurie



CORN AN DOMHAIN 2014

Rónán de Bhailís

Tosaíonn Corn an Domhain de Chomhaontas Idirnáisiúnta Sacair (FIFA) i mBrasaíl an mhí seo, Déardaoin 12, le cluiche idir an Bhrasaíl agus an Chróit. Tá 32 fhoireann roinnte in ocht ngrúpa (féach thíos) agus rachaidh an dá fhoireann is fearr as gach grúpa ar aghaidh go dtí an dara babhta. Níor éirigh le foireann na hÉireann cáiliú don chomórtas i mbliana agus mar sin is féidir linn taobhú le haon cheann den 32 fhoireann.

Is í an Bhrasaíl rogha na coitiantachta don chomórtas a imreofar in atmaisféar draíochta tír an Samba agus an Mardi Gras. Bhuaigh siad Corn an Domhain cúig huair go nuige seo. Tá croílár (core) d'fhoireann mhaith acu le Silva, Ramires agus Neymar; agus bainisteoir, Luiz Scolari, a bhuaigh an corn domhanda cheana féin (Comórtas 2002). An féidir leo foireann na Spáinne a shárú – foireann a bhí an lámh in uachtar acu ar gach tír eile i gComórtas 2010 agus a bhuaigh Craobhchomórtas Sacair na hEorpa i 2012? An féidir le haon fhoireann eile dul i ngleic le himreoirí Spáinneacha lár páirce?



Nó an féidir le Lionel Messi na hAirgintíne splanc a chur sa chomórtas mar a rinne Maradona in '86? Is sáirimreoir é agus cé go raibh sé gortaithe i mbliana scóráil sé 41 chúl dá chlub, Barcelona. Tá scileanna iontach ag a lán imreoirí eile freisin. Tá an Airgintín i ngrúpa F agus ba cheart dóibh é a bhuachan. Dá mbeadh rath ag foireann taobh amuigh den Eoraip agus de Mheiriceá Theas bheadh sé níos suntasaí. Tá Gána i ngrúpa deacair leis an nGearmáin agus leis an bPortaingéil agus mar sin b'fhéidir go mbeidh an seans is fearr ag na foirne eile mar an Nigéir nó an Cósta Eabhair. Tá na dathanna oráiste, bán agus glas i mbrat an Chósta Eabhair agus mar sin b'fhéidir gur cheart dúinn ár dtacaíocht a thabhairt dóibh!

Is dócha go n-éireoidh go maith leis an nGearmáin mar is gnáth leo agus leis an bPortaingéil ag teacht as grúpa G. Beidh coimhlint ghéar idir Sasana, an Iodáil (buaiteoirí 2006) agus Uragua i ngrúpa D. Is dócha go mbeidh cluiche imchoimeádach (conservative) ar intinn bhainisteoir Shasana, Roy Hodgson. B'fhéidir go mbeadh cúig phointe go leor sa chéad bhabhta chun dul ar aghaidh. Is é príomhbhuntaiste fhoireann Uragua ná na tosaithe – Suarez, Cavani agus Forlan. Leis an neart sin beidh Uragua mar rogha na coitiantachta sa ghrúpa sin. Bhí mí-ádh ag na Sasanaigh ón uair a bhuaigh siad an Comórtas i 1966 agus b'fhéidir go mbeidh rith an rása leo an uair seo. Beimid go léir ag súil go n-éireoidhgo maith le Sasana sa chomórtas ... ach ní go rómhaith!

A		B		C		D	
	An Bhrasaíl		An Spáinn		An Cholóim		Uragua
	An Chróit		An Ísiltír		An Ghréig		Cósta Ríce
	Meicsiceo		An tSile		An Cósta Eabhair		Sasana
	Camarún		An Astráil		An tSeapáin		An Iodáil
	An Eilvéis		An Airgintín		An Ghearmáin		An Bheilg
	Ecuador		An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin		An Phortaingéil		An Ailgéir
	An Fhrainc		An Iaráin		Gána		An Rúis
	Hondúras		An Nigéir		Stáit Aontaithe Mheiriceá		Poblacht na Cóiré
E		F		G		H	